



SLÁN LEIS AN
SAMHRADH BREÁ
BROTHALLACH

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Buíon An Talaimh Ghlais san Éigse	2
Scéal grinn	3
Scéal Cnóbha - I	4
Uaigh na Mairnéalach	5
An tAsarlaí	6
Cuairt ar Erding agus ar Dachau	7
Erwin Schrödinger - II	8
Craic agus ceol i gColáiste na Rinne	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Athrú ríomhsheolta	11
Uain (dán)	11
Súil siar - Luimneach abú!	12
Éacht i spóirt na hÉireann	12



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 5 EAGRÁN 4

IÚIL-LÚNASA 2018

MÚSCAIL BHUR MISNEACH DON TROID!

Bhaineamar go léir taitneamh as an samhradh fada te. Thug sé deis dúinn áilleacht na hÉireann a bhlaiseadh faoi gathanna órga na gréine in ionad faoi scamail dhorchá mar a tharlaíonn de ghnáth. Táimid mórtasach mar chine as ár dtír, as a tírdhreacha sárscéimhe (**outstanding**) agus as a muirdhreacha draíochtacha. Ach cad faoi stair, cultúr agus teanga na tíre? Ón Meán Fómhair seo is ábhar roghnach í an Stair don chéad bhliain sna meánscoileanna. “*Bíonn iallach (**compulsion**) orthu siúd nach bhfuil in ann cuimhneamh ar an tseanaimsir í a athdhéanamh*”. Tír gan stair ní tír í. Bhí méadú 8% ar líon na mac léinn a fuair díolúine (**exemption**) ón nGaeilge san Ardeistiméireacht i mbliana ná i 2017. Deir an Roinn Oideachais go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh acu ar a mbeartas faoi dhíolúine. Dúirt siad an rud céanna cúig bliana déag ó shin ach ní raibh cáipéis dá laghad acu faoi nuair a d'iarr *Tuairisc* iad i 2014! Ní fada go mbeidh an Ghaeilge ina hábhar roghnach, sna meánscoileanna i dtús, agus amach anseo sna bunscoileanna. Beidh fáilte ag múinteoirí éagsúla roimhe sin mar níl máistreacht acu ar an teanga chun í a mhúineadh i gceart. Tá imeallú (**marginalisation**) na teanga ag dul ar aghaidh ag an Státchóras.

Tá dualgas orainne, Gaeilgeoirí agus tacadóirí na teanga an fód a sheasamh agus an teanga a chur i lár an phobail trí na maidineacha caife, na Tob-Ghaeltachtaí, trí na foirne Gaelacha spóirt agus trí ghrúpaí mar Shiúlóirí na hAoine (thíos ag crú na gréine i gCluain Tarbh). Thóg cuid agaibh sos ón nGaeilge i rith an tsamhraidh ach le teacht an fhómhair tá sé in am dúinn luí isteach arís ar chur chun cinn na Teanga. Is féidir linn ár gcuid féin a dhéanamh chun cur i gcoinne an imeallaithe. Ná tabhair vóta d'aon pholaiteoir ná páirtí nach bhfuil ag tabhairt ómóis agus a cearta don Ghaeilge. Má fhreastalaíonn tú ar thaispeántas atá maoinithe ag an gcáiníocóir déan gearán mura bhfuil an Ghaeilge agus an Béarla ar chomhchéim. Seas sa bhearna bhaoil. Ní ghéillfidimid choíche!



CEACHT BEAG GAELIGE: RÉAMHFHOCAL SIMPLÍ - 6: “TRÍ/TRÍD”



Séimhítear ainmfhocal a leanann “trí (through, throughout, by)”:

trí bhearna (through a gap); trí chleas (by trickery); trí Ghaeilge (through Irish);

Baintear feidhm as “trí” leis an bhfoirm iolra den alt:

trí na néalta (through the clouds); trí na cnoic (through the hills);

Baintear feidhm as “tríd” leis an bhfoirm uatha den alt agus leanann urú é:

tríd an mbochtaineacht (through poverty), tríd an bpeil (through football);

BUÍON AN TALAIMH GHLAIS SAN ÉIGSE

Antóin Ó Séaghdha

Thosaigh Éigse Chluain Tarbh 2018 ar an Aoine, 18 Bealtaine le Léacht Chuimhneacháin Úna Uí Lachtnáin ó Séamus Ó Laochóg, Iarstiúrthóir Cúnta de chuid Met Éireann. “An Aeráid ag Athrú” ba theideal na léachta agus bhí sé an-suimiúil agus eolach. Bhí go leor imeachtaí eile ar siúl le linn na hÉigse agus mar is gnáth, bhí an fhéile ar fheabhas.

Bhí áthas an domhain orainn i mBuíon an Talaimh Ghlais, Fionnradharc, páirt a ghlacadh san Éigse arís. Bhaineamar an-sult as an tráthnóna a bhí againn i Leabharlann Marino, Marglann Marino, Fionnradharc an 21 Meitheamh le haghaidh tráthnóna ‘Dánta agus Duanta’. Bhí Áine Uí Mharcaigh mar Bhean a’Tí ar an oíche agus mar sin, rith gach rud i gceart. Ba mhaith linn buíochas mór a ghabháil do Sheila Uí Cheallaigh faoin obair dhian a rinne sí chun an t-imeacht a eagrú agus ‘leabhair na hoíche’ a chur i gcló. Bhí clár éagsúil againn don ócáid, ceol álainn ar an fheadóg stáin, amhránaíocht agus filíocht den chéad scoth, scéalaíocht ghreannmhar agus, i mbliana, rud nua dúinne ar aon nós, cruinniú idir Uachtaráin. Rinne gach duine a dhícheall chun taitneamh a thabhairt don lucht féachana agus bhí slua mór tuisceanach ann ar an oíche féin.

Thóg a lán daoine páirt san oíche. D’aithris Pádraig Mac Domhnaill, Áine Ní Chonghaile, Máire Uí Mhuirí, Máire Uí Bhruadaigh, Pádraig Ó Brádaigh, Áine Uí Mharcaigh, Seamus Ó Somacháin, agus Róisín Finucane dánta. Bhí scéalaíocht ó Antóin Ó Séaghdha agus Úna De Bhailís, ceol ar an fheadóg stáin ó Brógan De Fuiteal, amhráin agus ceol ó Deasún Ó Ceallaigh agus sliocht as *Cré na Cille* ó Pádraig Ó Briain. Duine nach raibh linn i mbliana ná Derick Móicléir. Fuair ár gcara Derick bás i mí Aibreáin agus táimid go léir an-bhrónach faoi sin. Fear cairdiúil cneasta ab ea é a scríobh go rialta don iris seo. Scríobh sé agallamh greannmhar idir Uachtarán Trump agus Ceannaire An Chóiré Thuaidh Kim Jong-un i gcóir Éigse Chluain Tarbh 2018. Chuir Buíon an Talaimh Ghlais an t-agallamh sin ar an stáitse (thíos).

Tá ‘Dánta agus Duanta’ ag éirí níos tábhachtaí gach bliain agus i mbliana, tháinig Uachtarán Trump (Pádraig Ó Broin), ceannaire An Chóiré Thuaidh Kim Jong-un (Séamus Ó Somacháin) agus foireann seirbhísí poiblí in éineacht leo (Áine Ní Chonghaile agus Antóin Ó Séaghdha) go dtí an seisiún! Bhí ‘cruinniú’/‘agallamh’ idir an tUachtarán, Kim agus na seirbhísigh poiblí agus tá orm a rá nach raibh sé chomh ‘cairdiúil’ sin, ach bhain an lucht féachana an-sult as. Bhí an chosúlacht chomh maith sin ar na haisteoirí go raibh roinnt daoine ag lorg ‘siniú pearsanta’ (autographs) ó Donald agus Kim!!!!

Táimid buíoch de Séamus Mac Giolla Rua agus de choiste Éigse Chluain Tarbh gur thug siad deis dúinn arís i mbliana bheith san Éigse. Táimid ag smaoineamh anois ar an bhliain seo chugainn. Le cúnadh Dé, beimid ann arís.

Tá fáilte roimh chách ag [Green Land Café](#), 6 Marglann Marino, Fionnradharc gach Máirt ar 10.45am le bheith páirteach sa chomhrá. ‘Sí Máire Uí Bhruadaigh a bhunaigh Buíon an Talaimh Ghlais cúpla bliain ó shin. Bíonn daoine nua ag teach isteach i gcónaí agus scéal ag gach duine acu. Is cuma faoi chaighdeán na Gaeilge atá agat, tar isteach.



SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Pádraig Mac Éil

Bhí Seán agus Séamus ar saoire shiúlóide in áit iargúlta faoin tuath. Go tobann tháinig stoirm, bhí an lá ag dul chun dorchadais agus thosaigh sé ag stealladh báistí. Chonaic siad solas amach uathu agus chuaigh siad ina threo. Teach feirme a bhí ann. Chnag Seán ar dhoras an tí agus d'oscail bean álainn chuidsúlach é. “An bhfuil cead againn fanacht sa teach thar oíche go mbeidh an gála ligthe faoi”, d’iarr Séamus. “Tuigim gur lá na seacht síon atá ann”, arsa an spéirbhean, “ach is baintreach mé, i m’aonar sa teach mór seo. Má ligim daoibh fanacht anseo beidh eagla orm go mbeidh mo chomharsana ag cúlchaint orm. Mura miste libh, téigi go dtí an scioból ar thaobh an tí. Tá sé ar chúl na gaoithe. Beidh sibh ar foscadh ón mbáisteach agus tirim istigh ann.” “Ná bí inní ort”, arsa Seán, “feilfidh sin dúinn go foirfe. Má bhriseann an doineann beimid imithe le héirí na gréine”. Rith an bheirt ar aghaidh don scioból, shoiprigh siad iad féin don oíche. Níorbh fhada gur thit tromnéal orthu. Le breacadh an lae bhí an t-anfa thart. Lean siad ar aghaidh lena shiúlóid agus bhí saoire shultmhar acu.

Naoi mí ina dhiaidh fuair Séamus litir gan choinne ó atur nae. Thóg sé cúpla nóiméad dó brí a bhaint as. Sa deireadh, thug sé gur tháinig sé ó atur nae na baintrí dathúla dóighiúla ar ar chas sé le linn a shaoire shiúlóide. Bhuail sé le Seán. “An gcuimhníonn leat an bhaintreach tharraingteach a thug dídean dúinn oíche na stoirme ar ár saoire shiúlóide?”, d’iarr sé air. “Cinnté, is cuimhin liom í”, arsa Seán. “An bhfuil aon seans gur dhúisigh tú i rith na hoíche sin agus gur thug tú cuairt ar an mbaintreach uaigneach?” arsa Séamus. “Caithfidh mé a admháil go ndearna mé é sin”, arsa Seán agus é míshocair toisc go raibh an t-eolas anois ag a chara. “Agus ar thug tú m’ainm in ionad d’ainm di”, d’fhiafraigh Séamus. Dhearg Seán go bun a gcluas le náire, “Tá brón orm, a chara”, d’fhreagair sé, “thug mé. Cén fáth a bhfuil tú á fhiafraí?”. Dúirt Séamus leis go sotalach, “Tá an bhaintreach tar éis bás a fháil agus d’fhág sí a teach, a feirm agus iomlán a cuid airgid le huacht agam!”.



Foclóirín

saoire shiúlóide - [walking holiday](#); iargúlta - [isolated](#); faoin tuath - [in the country](#);
 go tobann - [suddenly](#); ag dul chun dorchadais - [getting dark](#); ag stealladh báistí - [pouring rain](#);
 solas - [light](#); ina threo - [in its direction](#); cnag - [knock](#); álainn - [beautiful](#);
 cuidsúlach - [eye-catching](#); an bhfuil cead againn - [may we](#); fanacht - [stay](#); thar - [over](#);
 go mbeidh an gála ligthe faoi - [until the storm blows over](#); d’iarr - [requested](#);
 tuigim - [I understand](#); lá na seacht síon - [very stormy day](#); spéirbhean - [beautiful woman](#);
 baintreach - [widow](#); i m’aonar - [alone](#); má ligim - [if I allow](#); comharsana - [neighbours](#);
 ag cúlchaint orm - [backbiting me](#); mura miste libh - [if you do not mind](#); téigh - [go](#);
 scioból - [barn](#); taobh - [side](#); ar chúl na gaoithe - [sheltered from the wind](#);
 ar foscadh - [sheltered](#); tirim - [dry](#); inní - [worry](#); feilfidh sin dúinn - [that will suit us](#);
 go foirfe - [perfectly](#); briseann - [breaks](#); doineann - [storm](#); éirí na gréine - [sunrise](#); rith - [ran](#);
 ar aghaidh - [along](#); shoiprigh siad iad féin - [they made themselves comfortable](#);
 níorbh fhada - [it was not long](#); thit tromnéal orthu - [they fell into a deep sleep](#);
 le breacadh an lae - [at daybreak](#); anfa - [storm](#); thart - [over](#); lean...ar aghaidh - [continued](#);
 sultmhar - [enjoyable](#); ina dhiaidh - [after](#); gan choinne - [unexpectedly](#); atur nae - [solicitor](#);
 thóg sé - [it took](#); brí a bhaint as - [understand it](#); sa deireadh - [finally](#); dathúil - [comely](#);
 dóighiúil - [good-looking](#); ar a chas - [that he met](#); le linn - [during](#);
 bhuail sé le - [he met](#); an gcuimhníonn leat? - [do you remember?](#); tarraingteach - [attractive](#);
 dídean - [shelter](#); cinnte - [certainly](#); dhúisigh - [awoke](#); i rith - [during](#); cuairt - [visit](#);
 uaigneach - [lonely](#); caithfidh mé - [I have to](#); adhmháil - [admit](#); go ndearna mé - [that I did](#);
 míshocair - [uncomfortable](#); toisc - [because](#); eolas - [information](#); in ionad - [instead of](#);
 dhearg...go bun a gcluas - [blushed furiously](#); náire - [shame](#); brón - [sorrow](#); cén fáth - [why](#);
 á fhiafraí - [asking about it](#); go sotalach - [smugly](#); d’fhág...le huacht - [bequeathed](#); iomlán - [all](#);

SCÉAL CHNÓBHA - I

Pádraig Mac

Tá stair shaibhir seandálaíochta ag reilig cháiliúil neoiliteach Bhrú na Bóinne (ceantar atá suite i nGleann na Bóinne i gCo. na Mí). Síneann stair an chine dhaonna san áit ón Luath-thréimhse Neoiliteach (4000 RC) go dtí na linne seo. Chomh maith le Sí an Bhrú ([Newgrange](#)), Cnóbha ([Knowth](#)) agus Dubhadh ([Dowth](#)), na trí mhór-thuama pasáiste, cláraíodh breis agus 200 láithreán agus séadchomhartha sa cheantar, ina measc tuamaí beaga, cursas ([cursus](#): cosúil le dhá chlais ([ditch](#)) 10-40m ar fhaid agus suas le 90m eatarthu), ciorcail liag ([stone circles](#)), heinse ([henge](#): múr ciorclach/ubhchruthach le clais inmheánach agus talamh cothrom sa lár) agus imfháluithe ([enclosures](#)) eile. I rith an tsamhraidh fuarthas tuama nua ag Halla Dhubhadh (trastomhas 40m, leath de Shí an Bhrú) agus tháinig iarsmaí eile chun solais toisc an talamh a bheith chomh tirim sin. D'aithin Eagraíocht Eolaíochta, agus Chultúir na Náisiún Aontaithe Brú na Bóinne mar Láithreán Oidhreachta Domhanda ([World Heritage Site](#)) i 1993.



Cé gurbh í Sí an Bhrú an tuama pasáiste is íocónaí ([iconic](#)) sa suíomh is í Cnóbha an tuama is mó (trastomhas 67m, airde 12m, thart ar leath heicteár). Ceaptar gur tógadh é tar éis tuama Sí an Bhrú agus roimh thógáil tuama Dhubhadh. Thosaigh an seandálaí George Eogan agus a fhoireann ag tochailt ar shuíomh Chnóbha i 1962 agus tar éis 5 bliana oibre tháinig siad ar an bpasáiste thiar (fad 34 m) agus, an bhliain dár gcionn, 1968, ar an bpasáiste thoir (fad 40 m) lena seomra crosdealbhach ([cruciform](#)) ag a dheireadh. Tháinig siad ar a lán clocha maisithe freisin, atá ina ceathrú cuid d'Ealaíon Neoiliteach Iarthar na hEorpa. Tá an Dumha ([mound](#)) Mór timpeallaithe le 18 dtuama beaga.



Ar an 21 Lúnasa cuir Acadamh Ríoga na hÉireann sé imleabhar de “*Excavations at Knowth*” (*Tochaltáin ag Cnóbha*) a foilsíodh ó 1984 ar aghaidh ar fáil saor in aisce ar líne, ar shuíomh Taisclann Dhigiteach na hÉireann ([dri.ie](#)). Rinneadh seo mar chomóradh 50 bliain d'fhionnachtain ([discovery](#)) an phasáiste thoir. Tá na leabhair lán d'eolas faoin gceantar, faoin stair sa seanchas agus sna sean-cháipéisí, faoi stair na tochailte thar na blianta agus faoi na fionnachtana ([discoveries](#)) éagsúla agus an staidéar atá déanta orthu go nuige seo. Leanann an scéal ó theacht daoine go dtí an áit timpeall 4,000 RC, trí na hAoiseanna éagsúla, Neoiliteach, Cré-umha, Iarann, Luath-Chríostaí, Lochlannach, Normannach agus ar aghaidh.

Clúdaíonn Imleabhar 1 (374lgh) na tuamaí pasáiste beaga, lonnaíocht ([settlement](#)) Neoiliteach agus gníomhaíocht lucht na mBíocar ([Beaker Folk](#)). Cuireann Imleabhar 2 (346lgh) síos ar lonnaíocht, ar shuíomhanna deasghnáthacha ([ritual](#)) sa 4ú agus sa 3ú Mílaois RC. In Iml 3 (317lgh) pléitear zúseandálaíocht Éireann Luath-Chríostaí. Tá eolas faoi Chnóbha stairiúil agus an cheantair máguaird in Iml 4 (353lgh) le hagusín 1.2 ina bhfuil dian-díospóireacht faoin graifítí in Ogham agus sa script Ghaelach (an-chasta domsa!). Scéal seandálaíochta Chnóbha sa chéad agus sa dara Mílaois AD atá in Imleabhar mór 5 (1,091lgh). Is in Iml 6 (897lgh) atá mioneolas le fáil ar Seandálaíocht Tuama Pasáiste an Dumha Mhóir ag Cnóbha. Is dócha go mbeidh tuilleadh le teacht amach anseo mar tá siad ag obair ar Imleabhair faoi láthair.



UAIGH NA MAIRNÉALACH

Áine Uí Mháirtín

Chuala mé an scéal faoi áit ar an trá i mBaile Brigín ar a dtugtar “*uaigh na mairnéalach*”. Chuaigh an long “*Bell Hill*”, go tóin poill ann i 1875. Mar sin chuaigh mé síos chun an áit a fheiceáil. Bhí an lá go hálainn agus shiúil mé go deireadh Thrá an Rí.

Chonaic mé carn cloch (*cairn*) os mo chomhair agus nuair a shroich mé é thug mé faoi deara go raibh ainm agus dáta ar gach cloch. Bhí bean ann agus bhí sí ag cur cloiche go hómósach ar an gcarn. Dúirt sí liom gur thosaigh an nós sin, d’ainm agus dáta na bliana a scríobh ar an gcloch, na blianta fada ó shin. Bhí a lán clocha scaipthe timpeall na háite. Thóg mé cloch mhín agus scríobh mé m’ainm agus an bhliain 2018 air agus d’fhág mé ar an gcarn é. Bhí cuimhneachán ann chomh maith, in onóir an *Bell Hill* agus na focail scríofa air “*Anseo a tharla an tubaiste ar an 26 Feabhra 1875 (ar dheis Dé go raibh a n-anamacha)*”. Tógadh é ar an 2 Meitheamh 2013.



Bhí stoirm fharraige fhíochmhar ar an oíche sin, 26 Feabhra 1875. Bárc (*barque*) plátáilte (*ironclad*) trí chrann (*three-masted*) míle tonna ab ea an *Bell Hill* a d’fhág Learpholl níos lú ná ceithre huairé is fiche sular bádh é. Bhí sé ar a shlí go Valparaiso i Meiriceá Theas le lasta (*cargo*) an-luachmhar. D’imigh an bárc le sruth (*drifted*) gur shroich sé cósta na hÉireann. Bhí na tonnta ag briseadh ar an gcladach clochach agus níorbh fhada go raibh an long ag briseadh as a chéile chomh maith.

Tháinig an Garda Cósta ó Bhaile Brigín go dtí an trá le gaireas osáin tarrthála (*breeches buoy apparatus*) agus scaoil siad roicéad i dtreo an *Bell Hill* dhá uair, ach níorbh sé ceann sprice. D’éirigh leis an tríú hiarracht an long a shroicheadh ach, ar an drochuair, chuaigh sé i bhfostú (*snagged*) faoi charraig agus bhí sé gan mhaith. Sheol an Garda Cósta teileagram go dtí Na Scéirí agus tháinig bád tarrthála, an *Laura Platt*, chun cabhair a thabhairt dóibh. Tharraing capaill an bád tarrthála go Baile Brigín chuig Lána na Ríthe ach theip orthu a mbealach a dhéanamh faoi droichead iarnróid ansin mar bhí sé ró-íseal. Mar sin ní raibh siad in ann an bád a chur san fharraige – tubaiste i ndiaidh tubaiste. D’ordaigh an Captaen Edgar dá fhoireann an long a fhágáil. Rinneadh gach duine ach triúr é sin agus cailleadh iad san fharraige suaite. Dhreap an triúr síos an líne tharrthála go dtí an charraig lena raibh sé greamaithe agus bhí siad ansin ar feadh trí huairé go dtí gur tháinig bád chucu. Ach chaith an suaiteach (*turbulence*) as an mbád iad. Cé gur éirigh leo teacht i dtír ar an trá fuair beirt acu bás le haimliú (*exposure*) agus le tnáitheadh (*exhaustion*) go luath ina dhiaidh sin. Ba é James Mc Donnell, an t-aon Éireannach ar an mbád, an t-aon duine a tháinig slán ón tubaiste uafásach. Thóg an Garda é go dtí an t-óstán áitiúil agus ina dhiaidh sin tháinig biseach air. Faraor, ní raibh aon ospidéal cóngarach do Bhaile Brigín. An mhaidin ina dhiaidh sin tháinig ocht gcorp i dtír. Chuir na daoine áitiúla na mairbh in uaigh mhór i mBaile an Ridire. Tá cuimhneachán beag ann leis na hainmneacha scríofa air. Maraíodh cúig mhairnéalach déag den chriú. I gceann tamaill cuireadh ionchoisne (*inquiry*) ar bun i dtaobh an tubaiste agus bhí James McDonald ann chun fianaise a thabhairt don chúirt.

De réir an tseanchais (Bailiúchán na Scol, Imleabhar 0784 lch 43) atá sa cheantar chuaigh mairnéalaigh an *Bell Hill* chun ceannairce (*mutinied*) ar an gcaptaen agus dúnmharaíodh é gan taise gan trócaire. Chaith siad an corp san fharraige garbh agus an stoirm fhíochmhar ag éirí. D’imigh an bárc le sruth (*drifted*) agus gan duine i gceannas air ná á stiúradh. Deirtear freisin go gcloistear glaoch na mairnéalach ar an ngaoth uaireanta nuair atá stoirm fhíochmhar fharraige ann. Ach is deacair é sin a chreidiúint!





AN tASARLAÍ

Noel Ó Cléirigh

Bhí an t-asarlaí (**sorcerer**) aosta i gcúinne na cearnóige i mbaile Lira, Tuaisceart Uganda is mise ar mo ghogaide (**hunkers**) os a chomhair ag féachaint ar a chuid earraí. Briochtaí (**charms**) is eile scaipthe thart timpeall air ar an gcré theochreasach (**tropical**) dearg. Is iomaí uair a thugas cuairt air, ag méadú ar “*mo bhailiúchán Afraiceana*”. Is mar sin a cheannaigh mé bord imeartha *Choro*, scian timpeallghearraidh (**circumcision**) is práiscín (**apron**) chailín oirbheartach (**pubescent**).



Bhí cumhacht osnádúrtha (**supernatural**) aige, clú agus cáil air i measc treabh Langi agus Acholi. Ba é Ajok (asarlaí) na treibhe é is cheapadar gurbh fhéidir leis dul i dtábh (**fall into a trance**) le haoibh (**appearance**) eile air; spioradaí (**spiritualist**) i dteagmháil leis na mairbh a bhí ann ansin.

D’fhéadfadh leis ortha (**spell**) a chur ar dhaoine i dtreo is go bhfaighidís bás, mall nó tobann, cibé a iarrfaí air. Bhí sé cumasach i gcúrsaí leighis, oilte ar chuile shórt is réiteach aige ar gach fadhb, aimride (**barrenness**), daille (**blindness**), agus a leithéidí sin. Chuala Mussoni den Ord Comboni go raibh mé ag caint le Ajok! Thug sé léasadh béil dom faoi scannal is drochiompar. “*Agus tusa an t-aon fhear geal i gCúige Lango a fhreastalaíonn ar m’Aifreann. Mo náire thú! Seachain an boc sin – duine contúirteach é. Tá tú páirteach i gcúrsaí nach dtuigeann tú i gceart. Bí cúramach deirim. Bí cúramach!*”



Bhí mé ag féachaint ar a chuid earraí an lá sin is mé ar mo ghogaide agus ag smaoineamh ar céard a cheannóinn uaidh inniu? Bhí meascán mór os mo chomhair. Buidéil ildathacha ina raibh fual (**urine**), is deochanna éagsúla taobh le craobhóga (**twigs**), duilleoga, cleití (**feathers**), blaoscanna (**shells**), is suthanna (**embryos**). B’ansin a chonaic mé na boinn (**coins**) – carn mór díobh ceangailte le chéile le téad leathair trí na poill bheaga chiorclacha i lár gach boinn. Bhí fhios agam gurb iad an chéad airgeadra (**currency**) a úsáideadh in Oirthear na hAfraice.

Thug mé comhartha dó gur theastaigh na boinn sin uaim. Ach stán sé orm is mar fhreagra chroith sé a cheann. Is i dtráth an ama chéanna a dhírigh sé a shlaitín draíochta (**magic wand**) i mo threo i nglac amháin is an gligín (**rattle**) á luascadh aige leis an lámh eile, siogairlín (**tassel**) an *fez* (caipín Turcach) ag damhsa ar bharr a chinn go rithimeach. Thóg mé na boinn den talamh ach rug sé greim docht daingean ar mo lámh is rinne sé iarracht iad a scaoileadh ó mo ghlac. “*Níl siadsan ar díol*”. Choimeád mise mo ghreim orthu gur bhog sé is ghlac sé na nótaí Scillinge a thugas dó. “*Beidh aiféala (regret) ort faoi seo*”, an rud dheireanach a dúirt sé agus mise ag imeacht. Sa bhaile arís chuir mé na boinn isteach i dtarraiceán (**drawer**) sa bhiúró im sheomra staidéir tar éis iad a rangú (**classify**) de réir dáta is luach.



An oíche dár gcionn is mé ag tiomáint abhaile ón bpictiúrlann ar an smuithbhóithrín (**murram boreen**) sciort (**skid**) an gluaisteán agus d’iompáigh sé bunoscionn. Is cuimhin liom dúiseacht in otharlann i (**infirmery**) Lira. Insíodh dom gur tháinig beirt Indiach ó Chomhlacht Mowlem ar láthair an timpiste. Thángthas orm gan aithne gan urlabhra is thiomáineadar go dtí an t-ospidéal mé.

I gceann míosa tháinig biseach ar mo shláinte. Thug póilín ar ghluaisrothar cuairt orm. Is muid ag ól tae ar an vearanda thug sé toghairm (**summons**) dom. “*Ag tiomáint go ráscánta (irresponsibly), go neamhchúramach, agus go contúirteach*”. Fear béasach, múinte, cúthaileach a bhí ann. “*Gnás folamh (a mere formality)*”, ar seisean go leithscéalach (**apologetically**), “*ná bac leis...mar is eol do chách gurbh é Asarlaí Lira ba chúis leis an timpiste sin. Nár chuir sé geis (spell) draíochta ort de bharr na boinn sin a sciob tú uaidh?*”.

CUAIRT AR ERDING AGUS AR DACHAU

Máire Blundell

Bhí mo mhac ag déanamh an Teastas Sóisearach i mí an Mheithimh agus gheall mé dó go rachadh muid ar thuras beag thar lear go dtí An Ghearmáin nuair a chríochnódh sé. Bhí suim ag mo mhac féachaint ar na Sluachampaí Géibhinn ([Concentration Camps](#)) mar is í an Stair an t-ábhar is ansa leis ar scoil. Chuir mé eitilt go dtí München in áirithe agus lóistín AIRBNB freisin i sráidbhaile darbh ainm Erding in aice an aerfoirt. Ceantar an-deas is ea Erding, agus bhí an ghrian ag taitneamh ó mhaidin go hoíche. Bhí cúpla séipéal sa chearnóg agus seantithe deasa ann freisin. Bhí an ailtireacht den scoth. D'itheamar ár mbricfeasta i mbialann dheas sa chearnóg agus bhí an caife ar fheabhas – cosúil le [Kay's Kitchen](#) i nDomhnach Míde!



Tar éis an bhricfeasta chuamar go dtí an stáisiún chun traein a fháil go Dachau – an sluachampa ba chónagaráí. Ní raibh a lán Béarla scríofa sa stáisiún agus bhí áthas orainn nuair a fuaireamar an traein cheart. Shroicheadar an baile taobh istigh de chúpla uair agus fuaireamar an bus go dtí an



Sluachampa – tá sé cúpla míle as an mbaile. Bhí gach duine an-chiúin san áit cé go raibh cúpla Meiriceánach ag tógáil féiníní ([selfies](#)). Bhí scéalta pearsanta príosúnach éagsúil ar taispeáint agus bhí siad uafásach. Fuair níos mó ná daichead míle duine bás ann. Dúradh go raibh Éireannach amháin sa Sluachampa ach ní raibh aon ainm nó eolas faoi. Chuir mé suim sa scéal, cérbh é an duine sin agus cad a tharla dó? Bhí mo mhac an-chiúin tar éis na cuairte mar bhí sé ag smaoineamh ar an eachtra

uafásach; mídhaonnacht an duine i leith an duine ([man's inhumanity to man](#)), ach is mór an trua, tá uileloiscthí ([holocausts](#)) eile ar siúl anois. D'itheamar ár ndinnéar san óstán ní ba dhéanaí i lár an bhaile. Sílim go raibh Himmler nó Hitler ann, ochtó bliain ó shin ag ithe an dinnéar céanna – bia traidisiúnta as an mBaváir.



An lá ina dhiaidh sin, chuamar go **München**, cathair an-deas. Tá foirgnimh áille ann, ach chaitheadar cúig huaire ag siopadóireacht. Ina dhiaidh sin, ar ais linn go dtí an t-aerfort. Shroicheadar Baile Átha Cliath tuirseach traochta tar éis an taistil ach lán sásta leis an turas.

Ar ais sa bhaile liom tosaigh mé ag lorg eolais ar an idirlíon faoin Éireannach amháin a chaith am in Dachau. John McGrath as Co. Ros Comáin ab ainm dó. Rugadh é in Ail Finn agus d'fhreastail sé ar scoil na mBráithre Críostaí i gCora Droma Rúisc. Tar éis a scolaíochta chuaigh sé in Arm na Breataine. Chaith sé tamaill sa Fhrainc ag troid sa Chéad Chogadh Domhanda. Tar éis an Chogaidh tosaigh sé ag obair in oifig in Óstán [Gordon](#) i Londain agus, ina dhiaidh sin, san Óstán [Savoy](#) i mBaile Átha Cliath. Ba hhainisteoir é ní ba dhéanaí sa *Theatre Royal*, Sráid Hawkins. Nuair a tosaigh an Dara Cogadh Domhanda i 1939, glaodh ar ais in Arm na Breataine é. Shroich sé Dunkerque i 1940, gortaíodh é san Normainn agus gabh na Naitsithe é. Bhí air ceithre chéad míle a shiúl go dtí An Ghearmáin. Fuair a lán príosúnaigh bás ar an aistear fada, ach bhí John láidir agus tháinig sé slán as an ngátar ([survived the ordeal](#)). Chaith sé níos mó ná trí bliana i gcampaí éagsúla uafásacha, dhá bhliain i Sluachampa Dachau. Rinne na Naitsithe céasadh choirp agus intinne air ach d'éalaigh sé as an gcampa. I gceann tamaill tháinig sé abhaile agus bhí ag obair arís i mBÁC ach ní raibh a shláinte rómhaith agus fuair sé bás go luath ina theach i 38, Cearnóg Mhuirfean, mí na Samhna, 1946. *Ar dheis Dé go raibh a anam láidir.*

Má tá suim agat breis eolais a fháil faoi John McGrath léigh "[Hitler's Irishmen](#)" le Terence O'Reilly.



ERWIN SCHRÖDINGER (1887 - 1961) - II

Seán Ó Fearghail

Fadhbanna Polaitiúla agus Taisteal

D'éirigh Erwin Schrödinger as a phost in Ollscoil Friedrich Wilhelm i mBeirlín i 1933, toisc nár aontaigh sé le beartais (**policies**) na Naitsithe agus tairgeadh post nua dó in Ollscoil Princeton, New Jersey, SAM. Ach dhiúltaigh sé glacadh leis an bpost sin, mar ní raibh an Ollscoil sásta go rachadh a bhean chéile, Annemarie, agus a leannán luí (**paramour**), Mrs Hilde Marsh, leis. Fuair sé post eile in Oxford, Sasana, ach arís ní raibh an Ollscoil sin toilteanach cead a thabhairt dó beirt bhan a bheith ina gcónaí leis! Bhog sé go Graz san Ostair i 1936 ach briseadh as a phost ansin tar éis an Anschluss (**Unification**) leis an nGearmáin i 1938, agus theith sé don Iodáil. Ach ansin fuair sé cuireadh ó Éamon de Valera, Taoiseach na hÉireann ag an am, teacht go Baile Átha Cliath chun Scoil na Fisice Teoiriciúla a bhunú in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. B'é de Valera féin a d'eagraigh an víosa dá leannán luí, Mrs March!




Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, 1942 Schrödinger

Chuir Schrödinger faoi ar Bhóthar Cheann Cora, Cluain Tarbh agus d'fhan sé ann ó 1939 go 1956. Bhí iníon aige le Hilde i 1934 agus beirt iníonacha eile aige le beirt bhan Éireannach i mBaile Átha Cliath. Dúirt a bhean chéile uair amháin, “*Bheadh sé ní ba éasca cónaí le canáraí ná le capall rása, ach is fearr liom an capall rása.*” Bhí sé an-tugtha do rothaíocht in iarthar na hÉireann agus don tsléibhteoireacht. Chaith sé tréimhsí i gConamara agus deirtear gur fhoghlaim sé roinnt Gaeilge. Fear fuinniúil a bhí ann ar ndóigh - ina chorp agus ina intinn.



Sa bhliain 1941 thug sé sraith léachtaí i gColáiste na Tríonóide a bhfuil clú agus cáil uirthi. Foilsíodh í i 1944 mar leabhar a bhfuil

an t-ainm “*What is Life?*” air (whatislife.ie/downloads/what-is-life.pdf). Rinne sé iarracht cur síos ar an eolas atá istigh sa chill bheo agus na riachtanais chun saol a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Mar thoradh ar a chuid oibre teoiriciúla ba léir go raibh an t-eolas bailithe le chéile i gcriostal neamhpheriadach (**aperiodic crystal**). Spreag an saothar sin Crick agus Watson agus iad ag déanamh taighde ar struchtúr aigéad díocsairibeanúlcléasach, AND (DNA) – an Héilics Dúbailte (**Double Helix**). Bhí tionchar ag an leabhar ar Claud Shannon agus é ag obair ar a mhórshaothar ar Theoiric na Faisnéise, a bhfuil gach gné na teileachumarsáide (**telecommunications**) bunaithe uirthi.



Fuair Schrödinger Saoránacht Éireannach i 1948. D'fhill sé don Vín, An Ostair, i 1956, áit ar éag sé, 4 Eanáir 1961. in aois 73 bhliain.

Ba dhuine de na heolaithe ba thábhachtaí an 20ú haois é Erwin Schrödinger agus níl aon amhras ach gurbh é an t-eolaí is tábhachtaí a chaith tréimhse shuntasach in Éirinn riamh.



CRAIC AGUS CEOL i gCOLÁISTE NA RINNE

Máire Blundell

Bíonn cúrsa Gaeilge do dhaoine fásta i gColáiste na Rinne gach mí Lúnasa agus fuair mé seans chun freastal air i mbliana. Bhí a lán craice agus spraoi ann agus bhí deis mhór agam feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge. Gach lá scríobh mé i mo dhialann na rudaí a bhí ar siúl; féach thíos:



Dé Sathairn: Bhuail mé le mo chara Elizabeth agus fuairéamar an bus ó Ché an Bhúrcaigh i lár Bhaile Átha Cliath. Bhí cás mór agam ach bhí cás níos airde fós ag Elizabeth! Shroicéamar Dún Garbhán ceithre huairé ina dhiaidh sin. Bhí ocras an domhain orainn agus cheannaíomar dinnéar deas i mbialann bheag sa Chearnóg. Faoi dheireadh tháinig Mícheál, an bainisteoir as an Choláiste, agus thiomáin sé go dtí ár lóistín muid, teach an-dheas i mBaile na nGall, le Michelle agus Mark, lánúin dhathúil agus cairdiúil, ann chun aire a thabhairt dúinn. Bhí ceolchoirm sa choláiste agus d'ólamar cúpla gloine fíona agus bhainéamar taitneamh as an gceol agus as an amhránaí.

Dé Domhnaigh: Maidin dheas a bhí ann. Tá an Coláiste suite in aice na farraige. Tar éis an bhricfeasta chuamar go dtí an séipéal chun freastal ar an Aifreann a bhí trí Ghaeilge. Tá an séipéal ar bhun an chnoic agus tá na radhairc ina thimpeall den scoth. Tar éis an dinnéir dheas chuamar ar an turas beag go Ceann Heilbhic agus chuig Reilig an Ghorta Mhóir. Tar éis an tae, bhí ranganna ceoil ar siúl agus thosaigh mé ag foghlaim an fheadóg stáin.

Dé Luain-Dé hAoine: Gach maidin bhíomar ag foghlaim le múinteoir Mícheál, fear deas greannmhar as Co. Chill Dara. Thug sé a lán eolais dúinn faoi na suímh idirlín a chabhraíonn go mór le foghlaiméoirí na Gaeilge cosúil linne, mar shampla: *Tuairisc.ie*, *logainm.ie*, *saotharlann.com*, *AskAboutIreland.com* agus *potafocal.ie*.

Bhí rudaí ar siúl gach tráthnóna mar shampla: cócaireacht, rothaíocht agus siúil ar Glasbhealach ([greenway](#)) Phort Láirge, turas go hAird Mhór ceantar Naomh Déaglán mar a bhfuil fothrach seanArdeaglaise agus Cloigtheach 30m in airde ón 12ú aois le feiceáil, deis agat tú féin a tumadh i bhfolcadáin fheamainne ([seaweed baths](#)). Tar éis an tae, bhí rudaí eile le déanamh, ceolchoirmeacha, Aifrin, drámaí, agus araile.

Molaim go hard an tseachtain sin, bhí an t-atmaisféar sa Choláiste ar fheabhas, an bia go hálainn agus an cultúr agus an teanga thar barr. Is ceantar draíochtúil é agus is aoibhinn na radhairc atá le fáil ann. Téann daoine as beagnach gach tír ar domhan, go dtí tobar beag seo na Gaeilge! Bhí grúpa mór as Stáit Aontaithe Mheiriceá ann an Lúnasa seo agus bhí fear óg ann as Tóiceo a sheinn ceol deas dúinn ar an geláirseach.

Rugadh agus tógadh mé i bPort Láirge agus is é mo thuairim gurb é Coláiste na Rinne an áit is tábhachtaí agus is deise sa Chontae. Faigh gach eolas faoi ar [anrinn.com](#) agus cuir cúrsa in áirithe don bhliain seo chugainn.

Bíonn cúrsaí acu ag bun-, meán- agus ard-léibhéal. Cén ceann a bheadh oiriúnach ([suitable](#)) duit? Bain triail as an áit álainn seo. Ní bheidh aiféala ([regret](#)) ar bith ort faoi seal a chaitheamh ann!






CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-34

TRASNA

SÍOS



1	gander (6)	2	avenue (7)
5	drake (6)	3	loss (4)
9	plight (3)	4	licking (6)
11	playboy (7)	5	exact (6)
12	recite (7)	6	wheel (4)
13	age (4)	7	careful (7)
14	problem (5)	8	cave (6)
16	long ago (4)	10	innkeeper (6)
18	cat (3)	15	grand-dad (6)
20	cellar (6)	17	pupil (5)
23	culvert (6)	19	married (5)
25	larder (7)	21	knowledge (3)
26	subdued (6)	22	row (3)
27	sensible (6)	23	start (3)
30	damage (3)	24	weapon (3)
32	jam (4)	26	difficult (5)
34	ray (2)	28	youthful (7)
35	try (2)	29	essay (5)
36	paste (4)	30	cargo (6)
39	monster (7)	31	sooner (6)
40	boss (7)	33	bar (5)
41	piglet (3)	37	chest (4)
42	policy (7)		
43	spring (7)		



CUARDACH FOCAL 34

eadáí 2 / clothes 2

B	A	R	I	A	L	L	H	B	R	A	C	R	I	S
S	Í	C	R	O	G	C	R	S	L	I	P	É	A	R
L	N	A	N	Ó	B	Ó	R	L	T	O	D	L	B	H
I	Í	N	I	I	G	N	A	I	Á	P	Á	I	U	D
D	L	M	Á	E	Á	R	É	P	O	M	R	A	A	C
I	Í	L	H	R	B	E	P	É	H	S	P	É	I	R
E	T	M	A	A	M	Í	L	A	I	A	L	L	T	O
L	S	U	P	I	I	A	I	L	L	G	I	L	S	C
G	C	O	O	C	R	N	S	I	I	Ó	C	I	S	H
I	R	T	P	A	N	R	N	A	Ó	A	B	A	M	Ó
A	Ó	G	S	Í	M	Í	A	Í	R	G	U	U	Ó	G
G	G	S	T	O	C	A	Í	B	B	Ó	A	G	U	A
O	A	P	O	P	T	O	H	C	O	R	C	A	Á	C
R	T	O	C	S	I	A	T	A	U	B	L	Á	I	N
B	O	N	A	S	T	O	I	S	L	I	P	E	Á	R

aigléad (aglet)	cuarán (sandal)
bóna (collar)	guailleáin (braces)
barriall (shoe-lace)	lámhainní (gloves)
bróga (shoes)	miotóg (mitten)
buatais (boot)	popstoca (pop-sock)
carbhat (tie)	slipéar (slipper)
crios (belt)	stíliní (stilettos)
crochóga (suspenders)	stocaí (stockings)



ATHRÚ RÍOMHSHEOLTA

Pádraig Mac Éil

Ar thug tú faoi deara an t-athrú ríomhsheolta ag bun gach leathanach san eagrán seo? Bunaíodh an seoladh chun deis a thabhairt do na léitheoirí a n-alt nó a gcomhfhreagras a sheoladh chuig eagarthóir na hirise. Dúirt duine liom go raibh an seancheann rófhada. Ba mhaith liom a rá gur sin ba chúis leis an athrú ach is duine macánta mise (!) agus admháim gur chaill mé pasfhocal an seansheolta agus ní raibh mé in ann teacht ar an suíomh (agus na hailt) a thuilleadh nuair a cheannaigh mé ríomhaire nua. Caithfidh mé a rá nach raibh mórán tráchta ag teacht tríd an

aimsir! [irisatot2014@gmail](mailto:irisatot2014@gmail.com) an ríomhsheoladh nua.

Tá dhá thrian de Bhliain na Gaeilge imithe anois. Níl mé róthógtha léi go nuige seo. B'fhéidir gur chaill mé cuid de na himeachtaí speisialta. Cad a rinne tusa don bhliain? Scríobh cúpla duine ailt don iris seo. Bhí siad sásta am a chaitheamh ag smaoinreamh ar ábhair, ag scríobh dréachtaí le cabhair na bhfoclóirí agus ag ceartú, chomh fada agus ab fhéidir iad, chaighdeán na Gaeilge agus na gramadaí. Dúshlán a bhí ann agus dian-obair agus rinne siad é. Táim an-bhuíoch díobh. Chabhraigh siad go mór liom an iris a choimeád ar an bhfód. Ach fós bíonn an iomarca alt le scríobh agam. Tá daoine le Gaeilge i bhfad níos fearr ná mo Ghaeilge agus le saol i bhfad níos



suimiúla ag freastal ar na maidineacha caife. Impím oraibh alt nó dhó a scríobh, 300 focal do leathleathanach nó 550 focal do leathanach iomlán. Féach ar ailt sna seaneagraín agus feicfidh sibh réimse forleathan ábhar. Tá mé ag guí ar son toradh dearfach ar an éileamh seo. Níl laghdú tagtha ar mo dhóchas fós. Seolaigí chugam go luath bhur n-ailt, a chairde Gael!

Uain

D'fhéachamar ar an teilifís
Mé féin is mo mhac
Am speisialta le chéile.

Phléasc siad
Isteach in ár seomra suite
Isteach in ár mbeatha.

Dhíríodar a ngunnaí
Airsean
“Ná dein, ná dein
Tóg mise, tóg mise!”

Réab urchar tríd
Sheas mé
Greamaithe.

Ansin
Ghabh mé i mo bhaclainn
A chorp brúite.

Nuala Bhreathnach

CROSFHOCAL BG XBG-33: RÉITEACH

1	S	2	C	Ó	3	L	T	4	A		5	G	L	6	A	O	7	C	H	
8	S		O		U		9	L	I	A		S		A		10	B			
11	C	A	S	A	C	H	T		12	B	U	A	R	T	H	A				
	E		N		H		R			H		L		H		R				
13	A	N	A	M		14	G	A	15	L	A	R		16	D	A	I	R		
	L		Í		17	B		18	M	Ó	R		19	C		I		Ó		
20	L	Á	M	H	R	21	Ú			22	C	I	A	R	23	Ó	G			
					24	A	T	H	S	C	A	G				I				
25	E	A	N	A	C	H		T		26	M	I	A	27	N	R	28	A		
	A				H		29	R	Í	30	S		L		A		M			
31	G	L	32	A	S		33	S	Í	N	T	E		34	Ó	M	R	A		
	L		35	F	O			A		36	A		H		C					
37	A	I	S	L	I	N	G			38	I	O	N	T	A	C	H			
			T		L		39	A	O	L		F		I						
40	A	S	A	R	L	A	Í		41	C	E	A	R	D	A	Í				

CUARDACH FOCAL 33: RÉITEACH

L	A	Í	A	L	O	E	D	I	A	R	H	O	B	P
P	Í	O	L	Ó	T	A	A	T	Á	C	H	B	I	A
C	E	A	M	A	R	S	E	M	A	O	A	L	N	I
A	I	L	S	O	C	O	L	E	T	I	Ó	R	P	T
M	E	R	B	A	I	N	L	L	N	T	A	C	A	R
R	R	E	I	R	E	I	Á	I	E	I	L	E	I	N
I	I	R	D	A	E	L	S	S	R	C	O	O	T	Í
Ó	E	D	T	N	H	T	H	O	I	L	E	L	E	C
D	H	Á	R	H	E	Á	H	C	A	N	D	T	O	I
R	T	I	T	O	A	L	T	G	H	É	A	O	L	N
A	Á	A	I	U	I	L	A	B	T	T	R	I	A	I
M	T	R	L	S	O	B	Í	T	A	S	Ú	R	Í	A
A	C	S	T	E	H	R	Á	C	U	H	C	L	A	M
E	O	H	C	A	C	R	A	M	S	A	H	B	Á	G
C	E	O	L	S	C	E	R	I	A	H	T	Á	T	H

SEANFHOCAL

Déanann ceann ciallmhar béal iata
A wise head leads to a closed mouth



SÚIL SIAR - LUIMNEACH ABÚ

Pádraig Mac Éil

De réir cuid de na saineolaithe spóirt ba é Craobhchomórtas Sinsir na hÉireann san Iománaíocht, 2018, an 131ú chomórtas ó bhunaigh Cumann Lúthchleas Gael é i 1877, an ceann ab fhearr riamh. Bhí struchtúr nua ar an gcomórtas i mbliana agus mar sin ní raibh fhios ag a lán daoine cad a tharlódh. Bhí dhá phríomhlínn ann, Cúige Laighean (Áth Cliath, Gaillimh, Cill Chainnigh, Uíbh Fhailí agus Loch Garman), agus Cúige Mumhan (An Clár, Corcaigh, Luimneach, Tiobraid Árann agus Port Láirge), chomh maith le dhá chontae eile, craobhiomaitheoirí (**finalists**) Chomórtas Chorn Seosamh Mhic Dhonnacha a thionscnaíodh (**inaugurated**) i mbliana. Bhí sé fhoireann sa chorn nua sin, an dara chomórtas is airde san iománaíocht, i mbliana (ní bheidh ach cúig ann i 2019), Aontroim, Laois, Ceatharlach, Ciarraí, An Mhí, agus An Iarmhí. Bhuaigh Ceatharlach ar an Iarmhí sa chluiche cheannais. Chláraigh an dá fhoireann don réamhbhabhta (**preliminary**) ceathrú ceannais sa chomórtas Sinsir Uile-Éireann i gcoinne na foirne sa tríú háit i gCúige Laighean agus i gCúige Mumhan. Beidh Ceatharlach ag imirt i linn Chúige Laighean in ionad Uíbh Fhailí an bhliain seo chugainn.

CURADH CHRAOBH UILE-ÉIREANN NA hIOMANAÍOCHTA 2018

Seán Ó Mainnín
Tuairisc.ie



Chuaigh buaiteoirí Laighean (Gaillimh) agus Mumhan (Corcaigh) díreach ar aghaidh go dtí babhta leathcheannais an Craobhchomórtas Sinsir agus chuaigh na foirne sa dara háit (Cill Chainnigh agus An Clár faoi seach) go dtí an babhta ceathrú ceannais. Bhí na cluichí leathcheannais agus an chluiche cheannais go han-mhaith, iad spreagúil, anamúil, deaslámhach agus iontach. Sa deireadh bhuaigh Luimneach Corn Liam Mhic Chartaigh don chéad uair ó 1973. Ní raibh ach cúilín idir iad agus Gaillimh. B'fhéidir nach raibh an fuinneamh céanna fágtha acusan tar éis na hathimeartha i gcoinne An Chláir sa chluiche leathcheannais. Cúilín amháin a choimeád An Clár as an gcluiche cheannais. Tá súil agam go mbeidh siad ar ais i 2019. Táimid go léir ag súil le tuilleadh sárcluichí an bhliain seo chugainn. Comhghairdeas le Luimneach as an tsiamsaíocht spóirt a thug siad dúinn.

ÉACHT I SPÓIRT NA hÉIREANN

Pádraig Mac Éil

Thug mná na hÉireann ardú meanman do lucht spóirt na hÉireann i rith an tsamhraidh ag Corn Haca an Domhain i Londain, Sasana. Bhí sé fhoireann déag sa chomórtas roinnte i gceithre linn (**pools**). Chaill Éire a cluiche i gcoinne Shasana sa chéad bhabhta ach bhuaigh siad linn B tar éis na hIndia agus na Stáit Aontaithe a chloí chun cáiliú don chluiche ceathrúcheannais, áit ar bhuaigh siad ar An India arís. Bhí an lámh in uachtar acu i gcoinne na Spáinne sa chluiche leathcheannais. Bhí An Ísiltír róláidir d'Éire sa chluiche ceannais (6-0) ach tá haca an-láidir sa tír sin. Ba é sin an ochtú huair a bhuaigh siad Corn an Domhain ó tosaíodh é i 1974. Roghnaíodh báireoir (**goalie**) na hÉireann, Ayeisha McFarren, mar *bháireoir an chomórtais*. Thug éacht Bhan Haca na hÉireann spreagadh mór don chluiche sa tír. Mar aitheantas dá rath (**success**) thug an Rialtas níos mó airgid don spórt freisin.

